Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Samhain 2025
(OR. en)**

**15864/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0555 (COD)**

**COMPET 1227
IND 540
MI 946
CADREFIN 333
FIN 1445
RECH 515
ESPACE 90
CONSOM 269
DUAL USE 54
EDUC 472
TELECOM 426
ENER 618
ENV 1268
CLIMA 554
AGRI 640
TRANS 583
SAN 768
PHARM 173
BIOTECH 39
POLMIL 379
POLGEN 208
ECOFIN 1599
COH 229
INDEF 164
CULT 140
CYBER 344
JAI 1761
DIGIT 252
DATAPROTECT 310
FREMP 353
RELEX 1546
COPS 624
UD 286
AUDIO 123
PROCIV 164
IPCR 86
MAP 140
FISC 342
CODEC 1904
IA 205
CSC 617**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 11770/1/25 REV 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas ('CEI') a bhunú, lena n-áirítear an clár sonrach le haghaidh gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta i réimse na cosanta, lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/522, (AE) 2021/694, (AE) 2021/697, (AE) 2021/783, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/696, (AE) 2023/588, (AE) [EDIP]<br>– *Tuarascáil ar dhul chun cinn* |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 16 Iúil 2025, chuir an Coimisiún an togra[1] thuasluaite le haghaidh Rialachán ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

2. Is cuid de phacáiste an chreata airgeadais ilbhliantúil (CAI) don tréimhse 2028 – 2034 an clár sin. Is é is cuspóir don dréacht-Rialachán 14 ionstraim chistiúcháin aonair sa CAI reatha a chomhdhlúthú i gcreat aonair infheistíochta chun iomaíochas na hEorpa i dteicneolaíochtaí agus in earnálacha straitéiseacha a neartú.

3. Chuir Parlaimint na hEorpa an comhad faoi bhráid an Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE), a cheap Christian Ehler (EPP, DE) agus Dan Nica (S&D, RO) mar chomhrapóirtéirí.

4. D'iarr Uachtaránacht na Danmhairge tuairimí ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, ó Choiste Eorpach na Réigiún agus ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa.

## II. STAID NA hIMEARTHA SA CHOMHAIRLE

5. Chinn Coiste na mBuanionadaithe foghrúpa de chuid an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas (CEI) a bhunú laistigh den Mheitheal Ad Hoc maidir le CAI.

6. Le linn Uachtaránacht na Danmhairge, eagraíodh 21 chruinniú den fhoghrúpa chun an togra, an measúnú tionchair agus roinnt téacsanna comhréitigh ón Uachtaránacht a phlé.

7. Is mar seo a leanas a rinne Uachtaránacht na Danmhairge an plé a struchtúrú:

   a) pléadh an chuid chothrománach (Caibidil I, Caibidil II agus Caibidil III) go mion;

   b) pléadh na hionuithe beartais (Caibidlí IV go VII) faoi dhó;

   c) níor pléadh na hairteagail ná na haithrisí idir lúibíní i bhfoghrúpa CEI ach cuireadh ar ais chuig an Meitheal Ad Hoc maidir le CAI iad.

[1] 11770/1/25 REV 1.

8. D'iarr Uachtaránacht na Danmhairge tuairim ó Choiste Slándála na Comhairle maidir leis na codanna den téacs a bhaineann le slándáil faisnéise, eadhon Airteagal 13 (Na rialacha maidir le faisnéis rúnaicmithe agus faisnéis íogair a chur i bhfeidhm), Airteagal 51(9) agus (10) (Rialacha comhlántacha incháilitheachta le haghaidh deontas), Airteagal 55 (Rialacha breise is infheidhme maidir le faisnéis rúnaicmithe), Airteagal 69 (Coinníollacha incháilitheachta agus rannpháirtíochta chun slándáil, sláine agus athléimneacht chórais oibríochtúla spáis an Aontais a chaomhnú), Airteagal 77(2), pointe (d) (Prionsabail an rialachais agus na slándála) agus Airteagal 78 (Rialacha comhlántacha maidir le cosaint faisnéis rúnaicmithe). Thug Coiste Slándála na Comhairle tuairim pháirteach[2] uaidh an 18 Samhain 2025, a cuireadh san áireamh sa téacs comhréitigh is déanaí ón Uachtaránacht.

9. Thíolaic Uachtaránacht na Danmhairge trí théacs comhréitigh ón Uachtaránacht maidir leis an gcuid chothrománach agus an chéad téacs comhréitigh ón Uachtaránacht maidir leis na hionuithe beartais agus na haithrisí.

## III. DUL CHUN CINN NA hOIBRE LE LINN UACHTARÁNACHT NA DANMHAIRGE

10. Mar thoradh ar an scrúdú ar an **gcuid chothrománach**, rinneadh trí théacs comhréitigh lena dtugtar aghaidh ar na saincheisteanna is práinní a luaigh na toscaireachtaí. Mar thoradh orthu sin, rinneadh dul chun cinn maidir le roinnt ábhar sna codanna den togra nach bhfuil idir lúibíní.

11. Coigeartaíodh na **cuspóirí ginearálta**. Measann an Uachtaránacht go bhfuil na coigeartuithe sin ag teacht leis na hiarrataí ó na toscaireachtaí tríd is tríd.

12. Bhí roinnt mhaith mianta ag na toscaireachtaí maidir le **gníomhaíochtaí sonracha** na n-ionuithe beartais. Chuir an Uachtaránacht na barúlacha uile san áireamh agus thíolaic sí an chéad téacs comhréitigh maidir leis na ceithre ionú beartais agus na cuspóirí sonracha gaolmhara.

---

[2] 15548/25.

13. Bhí forchoimeádais leathana ann maidir le **rialachas an chiste**. Tá roinnt bealaí saothraithe ag an Uachtaránacht chun ról níos láidre a chruthú do na Ballstáit. Cuireadh isteach an nós imeachta scrúdúcháin le haghaidh gach nós imeachta coiste. Tá sé beartaithe go mbeidh ról breise ag Coiste Ginearálta CEI lasmuigh den nós imeachta coiste, trína gcuirfeadh sé comhairle ar an gCoimisiún maidir le hábhair ábhartha agus maidir le treo straitéiseach foriomlán CEI. Rinneadh go leor forálacha a choigeartú chun an téacs a dhéanamh níos soiléire ó thaobh tharmligean na gcumhachtaí chuig an gCoimisiún, agus solúbthacht riachtanach CEI á coinneáil ag an am céanna.

14. Rinneadh roinnt iarrataí chun **an Rialachán a dhéanamh níos soiléire**. Leis an téacs comhréitigh is déanaí ón Uachtaránacht, tá an téacs níos soiléire, níos gonta agus níos struchtúrtha. Go háirithe, soiléirítear sa téacs comhréitigh ón Uachtaránacht **comhlántachtaí agus sineirgí** idir CEI agus cistí agus cláir eile de chuid an Aontais agus a gcomhordú.

15. D’iarr na toscaireachtaí freisin go mbeadh sé níos soiléire cén rialacha a bhfuil feidhm acu maidir le **gníomhaíochtaí comhoibríocha taighde agus nuálaíochta** agus maidir le hábhair ábhartha eile i bhfianaise an **naisc leis an Rialachán maidir le Fís Eorpach**. Soiléirítear é sin sa téacs comhréitigh ón Uachtaránacht, lena n-áirítear i dtéarmaí critéir dhámhachtana agus incháilitheachta, rialacha maidir le comhlachas, coistí meastóireachta agus an nasc leis an gComhairle Nuálaíochta Eorpach.

16. D’éiligh na Ballstáit freisin go gcuirfí **critéir dhámhachtana ghinearálta** leis. Leis an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht, cuirtear isteach Airteagal 9a nua lena leagtar amach an creat chun critéir dhámhachtana a shocrú sna cláir oibre, i gcás inarb infheidhme, ag brath ar chineál na tacaíochta ón Aontas. Tá dlúthnasc idir an creat agus cuspóirí ginearálta CEI in Airteagal 3.

17. D’iarr roinnt toscaireachtaí go **laghdófaí** na **hualaí riaracháin**. Leis an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht, neartaítear na codanna ábhartha den Rialachán dá réir agus seachnaítear aon eilimintí a chur isteach a chruthódh ualaí nach bhfuil gá leo.

18. D’iarr na toscaireachtaí freisin **go ndíreofaí níos mó ar FBManna**. Leis an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht, cuirtear gnéithe breise leis chun tacú le FBManna, go háirithe i gcláir oibre agus i nglaonna tiomnaithe.

19. Rinneadh iarrataí ginearálta ar **ionstraim InvestEU CEI** a shoiléiriú a thuilleadh. D'iarr an Uachtaránacht ar an gCoimisiún nótaí teicniúla a chur ar fáil agus d'eagraigh sí seimineár teicniúil chun feidhmiú ionstraim InvestEU CEI atá beartaithe a shoiléiriú. Leis an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht, feabhsaítear an t-ailíniú le forálacha Rialachán InvestEU atá ann cheana; ina theannta sin, tugadh ról níos láidre do Ghrúpa BEI, agus soiléiríodh na forálacha maidir le tacaíocht do ghnólachtaí atá i mbun fáis.

20. Ina theannta sin, d'iarr na toscaireachtaí go ndíreofaí níos mó ar chaipiteal príobháideach a **phlódú isteach agus a shlógadh**. Leis an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht, neartaítear na codanna ábhartha den Rialachán dá réir.

21. Mar fhreagairt ar iarrataí ó na toscaireachtaí, soiléirítear sa téacs comhréitigh ón Uachtaránacht na forálacha maidir le **comhairliúchán tionscadail CEI agus tacaíocht ón Aontas do ghnólachtaí**, feabhsaítear an nasc idir saineolas mhol comhairleach InvestEU atá ann cheana agus Líonra an Aontais do Ghnólachtaí a bheidh ann amach anseo, agus áirithítear leis go ndíreofar ar bhonn níos láidre ar shineirgí a bhunú le struchtúir náisiúnta atá ann cheana.

22. Ar deireadh, mar fhreagairt ar iarrataí ar infheistíochtaí iomaíochais a cheangal le hinfheistíochtaí **sóisialta** agus gné shóisialta an téacs a fheabhsú, neartaíonn an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht na codanna ábhartha den Rialachán dá réir.

## IV. SAINCHEISTEANNA ATÁ FÓS GAN RÉITEACH

23. Níor tugadh aghaidh ar roinnt **saincheisteanna cothrománacha** toisc go bhfuil siad idir lúibíní agus cuireadh faoi bhráid na Meithle cothrománaí Ad Hoc maidir le CAI iad chun go réiteofar iad ar bhealach comhsheasmhach do na tograí uile a bhaineann le CAI.

24. Beidh go leor sonraí sna caibidlí cothrománacha agus roinnt ceisteanna dlí atá fós gan réiteach le plé faoi Uachtaránacht na Cipire.

25. Maidir leis na **hionuithe beartais** uile, scrúdaíodh an chéad téacs comhréitigh ón Uachtaránacht ar bhonn barúlacha ó na toscaireachtaí. Déanfar tuilleadh plé ar na forálacha mionsonraithe maidir leis na hionuithe beartais chun dul chun cinn a dhéanamh i ndáil leis an dréachtú.

## V. CONCLÚIDÍ

26. Tá dul chun cinn nithiúil déanta sa scrúdú teicniúil ar an togra. Tá dul chun cinn déanta sa phlé ar na gnéithe cothrománacha agus tá tús curtha leis an scrúdú ar na hionuithe beartais agus ar na haithrisí.

27. Tá an méid seo a leanas déanta ag Uachtaránacht na Danmhairge:

- d'áirithigh sí ról níos láidre do na Ballstáit;
- neartaigh sí an bhéim ar chaipiteal príobháideach a phlódú isteach agus a shlógadh;
- chuir sí teorainn leis na hualaí riaracháin;
- neartaigh sí an fócas ar FBManna;
- shoiléirigh sí na forálacha maidir le comhairliúchán tionscadail agus tacaíocht ghnó CEI;
- d'áirithigh sí ról níos láidre do Ghrúpa BEI;
- thug sí isteach critéir dhámhachtana ghinearálta;
- shoiléirigh sí na naisc leis an Rialachán maidir le Fís Eorpach a dhéanamh;
- threisigh sí na forálacha maidir le sineirgí le cistí agus cláir eile de chuid an Aontais;
- chuir sí feabhas ar struchtúr roinnt airteagal;
- chuir sí bonn níos fearr ar fáil don phlé atá ar na bacáin maidir leis na hionuithe beartais.

28. Leanfaidh foghrúpa CEI den Mheitheal Ad Hoc maidir le CAI de scrúdú a dhéanamh ar an dréacht-Rialachán faoi Uachtaránacht na Cipire.

29. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an tuarascáil seo ar dhul chun cinn maidir leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas a thabhairt dá aire agus í a chur ar aghaidh chuig an gComhairle.

30. Iarrtar ar an gComhairle (Gnóthaí Ginearálta) an tuarascáil seo ar dhul chun cinn a thabhairt dá haire.